www.xtrapapers.com

**7** Is 'tarbhfhríd' é SAFIAM (*MRSA*). Tá sé frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach agus is féidir leis leathadh go gasta, go háirithe in ospidéil.

**(a) (i)** Cén cineál miocrorgánaigh é SAFIAM (*MRSA*)?


_______________________________ [1]

**(ii)** Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma 'frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach'.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(b)** An graf thíos, déanann sé comparáid idir líon na gcásanna SAFIAM (*MRSA*) in ospidéil don chéad trí mhí de gach bliain ó 2009–2012 do gach ceann de na cúig Iontaobhas Sláinte i dTuaisceart Éireann.




*© Adapted from HSC Public Health Agency '5 areas bacteramia surveillance quarterly report Jan-Mar 2012'.*

www.xtrapapers.com

**(i)** Cuireann an tábla líon na gcásanna SAFIAM (*MRSA*) sa chéad trí mhí de gach bliain ó 2010 go 2012 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin d'Iontaobhais Sláinte éagsúla.

Bain úsáid as an fhaisnéis sa ghraf thall leis an tábla a chomhlánú d'Iontaobhas an Iarthair.

| | **Líon cásanna SAFIAM (*MRSA*) sa chéad trí mhí de gach bliain i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin** | | |
|---|---|---|---|
| **Iontaobhas Sláinte** | **2010** | **2011** | **2012** |
| Béal Feirste | laghdaithe | laghdaithe | méadaithe |
| Tuaisceart | laghdaithe | méadaithe | laghdaithe |
| Oirdheisceart | laghdaithe | laghdaithe | méadaithe |
| Deisceart | laghdaithe | laghdaithe | méadaithe |
| Iarthar | | | |

[1]

**(ii)** Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla leis an Iontaobhas Sláinte a lua a thaispeánann an treocht chéanna le hIontaobhas an Iarthair.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Bain úsáid as an fhaisnéis sa ghraf thall leis an laghdú chéatadánach ar chásanna SAFIAM (*MRSA*) a ríomh idir **2009 agus 2011 d'Iontaobhas an Oirdheiscirt**.

**Taispeáin do chuid oibre.**

_______________ % [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**(c)** Is minic a bhíonn eolaithe ag comhoibriú nó ag baint úsáid as sonraí a fuair siad óna chéile le teoiricí a fhorbairt agus le fionnachtana a dhéanamh.

Sna 1950idí, fionnadh struchtúr ADN (*DNA*) de thoradh taighde a rinne eolaithe difriúla; Rosalind Franklin agus Maurice Wilkins, Edwin Chargaff, James Watson agus Francis Crick.

Tabhair breac-chuntas ar an méid a rinne gach duine acu maidir le struchtúr ADN (*DNA*) a thuiscint mar héilics dúbailte.

Franklin agus Wilkins

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Chargaff

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Watson agus Crick

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**11** Is riocht cúlaitheach a fhaightear ó oidhreacht í ainéime chorráncheallach a théann i bhfeidhm ar fhuilchealla dearga. Taispeánann an grianghraf fuilchill dhearg normalach agus fuilchill dhearg chorránchruthach.



*© Mary Martin / Science Photo Library*

Daoine atá homaisigeach cúlaitheach don riocht, bíonn ainéime chorráncheallach orthu.
Daoine atá heitrisigeach don riocht, is iompróirí iad don ainéime chorráncheallach.

Seasadh b don ailléil don ainéime chorráncheallach.

**(a)** Tarraing cearnóg Punnett lena thaispeáint an dóigh a dtiocfadh le beirt tuismitheoirí **nach** bhfuil ainéime chorráncheallach orthu páiste a bheith acu ar a bhfuil ainéime chorráncheallach.

[4]

www.xtrapapers.com

**(b)** Tairgeann an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (SNS) (*NHS*) scagthástáil do roinnt tuismitheoirí le linn toirchis ionas gur féidir leo a fháil amach an iompróirí don ainéime chorráncheallach iad. Cuirfidh seo ar an eolas iad má tá baol ann go mbeidh babaí acu ar a mbeidh ainéime chorráncheallach.

Déantar scagthástáil ar an mháthair ar dtús. Ní dhéantar scagthástáil ar an athair ach sa chás go bhfuil an mháthair ina hiompróir.

**(i)** Mínigh cad chuige **nach bhfuil sé riachtanach** scagthástáil a dhéanamh ar an athair ach sa chás gur iompróir don ainéime chorráncheallach í an mháthair.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh an buntáiste **don SNS** (*NHS*) as gan scagthástáil a dhéanamh ar an athair ach sa chás go bhfuil an mháthair ina hiompróir don ainéime chorráncheallach.

______________________________________________ [1]

**(c)** Tá cosaint nádúrtha ar an mhaláire ag daoine atá ina n-iompróirí don ainéime chorráncheallach.

Iompraíonn muiscítí maláire. Tarlaíonn corradh le milliún bás sa bhliain mar gheall uirthi.

Bain úsáid as **teoiric an roghnaithe nádúrtha** agus an fhaisnéis thuas lena mhíniú cad chuige a bhfuil céatadán níos airde den phobal atá ina n-iompróirí don ainéime chorráncheallach i gceantair ina bhfuil maláire coitianta.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**[Tiontaigh an leathanach**

